# Straitéis Inbhuanaitheachta an Ghrúpa CIÉ 2020




Córas Iompair Éireann

Iarnród Éireann
Irish Rail

Dublin Bus

Bus Éireann

# Straitéis Inbhuanaitheachta an Ghrúpa CIÉ 2020

Tá ár straitéis inbhuanaitheachta deartha chun tacú leis an NA. Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFIanna), ag imirt ár ról san fhorbairt náisiúnta agus ag dul i ngleic le hathrú aeráide. Le breis agus 10,500 fostaí agus 281 milliún paisinéir in 2019, táimid i riocht uathúil chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin náisiúnta.

In éineacht lenár gcomhpháirtithe, táimid ag obair chun cuspóirí an Phlean Forbartha Náisiúnta 2018-27, an Chreata Náisiúnta Pleanála, pleananna forbartha réigiúnacha a sheachadadh, agus chun gealltanais an Phlean Gníomhaíochta Aeráide 2019 a chur chun cinn. Is é ár bhfócas na SFIanna a chur chun cinn agus iompar inbhuanaithe a sheachadadh faoi thrí cholún na hinbhuanaitheachta: **eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaol**.

| EACNAMAÍOCH | SÓISIALTA | COMHSHAOL |
|---|---|---|
| Seirbhís iompair ar ardchaighdeán a sholáthar chun gníomhaíocht eacnamaíoch a spreagadh, dul i ngleic le brú tráchta agus pobail, gnóthais agus eagraíochtaí a nascadh. | Sochaí ilghnéitheach agus chuimsitheach a chothu trí rochtain agus deis do chách a chur in ord tosaíochta. | An t-aistriú go hiompar astaíochtaí ísle a threorú agus ár gcaipiteal nádúrtha a chosaint. |
| **Forbairt atá Dírithe ar Iompar** | **Rannpháirtíocht Pobail agus Oidhreacht** | **Bithéagsúlacht** |
| **Ídiú agus Tairgeacht atá Freagrach** | **Comhionannas Inscne agus Comhdheiseanna** | **Gníomhú** |
| **Comhpháirtíochtaí** | **Sláinte agus Folláine** | **Athléimneach Aeráide** |

# Tosaíochtaí agus Spriocanna Inbhuanaitheachta CIÉ

## Bithéagsúlacht

- 4.5 heictéar de choillearnach dhúchasach a chur ar thalamh Ghrúpa CIÉ faoi 2021.
- Pleananna bithéagsúlachta agus pailneoirí a sheachadadh ag cúig stáisiún ar fud ghréasán Ghrúpa CIÉ gach bliain.

## Gníomhú

- Measúnú ar an Tionscadal um Nochtadh Carbóin a chríochnú in 2020, ag déanamh tuilleadh forbartha ar bhainistíocht $CO^2$ agus ar thuairisciú astaíochtaí scóip 3.
- Tionscadail éifeachtúlachta fuinnimh phleanáilte a chur i bhfeidhm chun feabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh 50% a bhaint amach faoi 2030, agus flít iomlán a leathnú.
- An t-aistriú chuig teicneolaíochtaí breosla astaíochtaí ísle a threorú, ag tabhairt trialach d'fheithiclí nial-astaíochtaí hidrigine in 2021.
- 80% de thurais iarnróid na hÉireann a sheachadadh go díreach saor ó astaíochtaí faoi 2027.
- Le comhpháirtithe, leictriú seirbhísí bus a sheachadadh, seirbhísí leictreacha hibrideacha agus ceallraí a rolladh amach agus bonneagar luchtaithe a fhorbairt.

## Athléimneach Aeráide

- Plean Grúpa CIÉ um Oiriúnú Aeráide faoi 2021 a chríochnú, arna threorú ag measúnuithe leochaileachta.
- Bearta maolaithe a sheachadadh lena chinntiú go ndéantar bonneagar agus caipiteal nádúrtha atá i mbaol a chosaint ó éifeachtaí an athraithe aeráide.




## Forbairt atá Dírithe ar Iompar (TOD)

- Máistirphleananna TOD a sheoladh ag trí shuíomh in 2020, faoi réir coinníollacha an mhargaidh.
- Suímh stáisiún bus ilchuspóireacha (cónaithe, oifige, miondíola agus oibriúcháin) a fhorbairt ag dhá shuíomh.

## Rannpháirtíocht Pobail agus Oidhreacht

- Leanúint le tacaíocht a thabhairt do ghrúpaí pobail gnáthdhaoine agus cláir thiomanta a fhorbairt le haghaidh rannpháirtíocht phobail.
- Stáisiúin stairiúla, taifid agus ceardlanna a athchóiriú agus a chaomhnú amhail Tionscadal Cartlainne Heuston.

## Ídiú agus Tairgeacht atá Freagrach

- Cleachtais um chosc dramhaíola agus athchúrsála a bheachtú agus a fheabhsú i gcomhar leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC).
- Laghdú dramhaíola 25% a bhaint amach ar fud an ghrúpa faoi 2025.

## Comhpháirtíochtaí

- Oibriú go dlúth lenár bpáirtithe leasmhara chun ár dtosaíochtaí agus ár spriocanna a sheachadadh.
- Tosaíocht a thabhairt do chomhoibriú inmheánach agus do chomhpháirtíochtaí inbhuanaitheachta straitéiseacha.

## Sláinte agus Folláine

- Pleananna folláine fostaithe a dhearadh agus a chur i bhfeidhm bunaithe ar iniúchadh folláine fostaithe grúpa.
- Clár T.F. a sheoladh Clár Wellhub agus creidiúnú Coinnigh Folláin CGFÉ a bhaint amach ar fud na n-oibríochtaí grúpa go léir faoi 2025.

## Comhionannas Inscne agus Comhdheiseanna

- Cothroime inscne a bhaint amach i dtéarmaí ionadaíochta ar leibhéal na bainistíochta sinsearaí agus ar leibhéal an bhoird faoi 2030.
- Líon na dtiománaithe baineanna a dhúbáil ar fud an dá chuideachta bus faoi 2030.

COMHSHAOL

3 SLÁINTE MHAITH AND FOLLÁINE

4 OIDEACHAS CÁILÍOCHTA

5 COMHIONANNAS INSCNE

8 OBAIR CHUIBHIÚIL AGUS FÁS EACNAMAÍOCH

9 TIONSCLAÍOCHT, NUÁIL AGUS BONNEAGAR

11 CATHRACHA AGUS POBAIL INBHUANAITHE

12 ÍDIÚ AGUS TÁIRGEADH FREAGRACH

13 GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE

17 COMHPHÁIRTITHE DO NA SPRIOCANNA

EACNAMAÍOCH

SÓISIALTA

# Straitéis Inbhuanaitheachta an Ghrúpa CIÉ 2020